An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Súil siar ar Chruinniú Mullaigh de chuid Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI)

Ba chúis áthais do COGG cuireadh a fháil chuig an gCruinniú Mullaigh. Reáchtáil COGG ceardlann a thug léargas ar an nasc idir an Ghaeilge agus na teangacha eile sa seomra ranga; pléadh go mion na duanna agus na buanna a bhaineann le gairm an mhúinteora teangacha sa suíomh T1 agus tugadh spléachadh ar obair COGG ag soláthar acmhainní agus tacaíocht do scoileanna T1.

Focal ón bPríomhfheidhmeannach
Léirigh Jacqueline Ní Fhearghusa go raibh sí sásta go raibh COGG páirteach ag an gCruinniú, "ní hamháin gur ócáid dea-eagraithe go deo a bhí ann ach d'oir an t-Ionad go seoigh d'imeachtaí an lae. Bhí aoichainteoirí den chéad scoth i láthair a léirigh an tábhacht le teangacha agus cuireadh go leor dea-chleachtais chun cinn. Comhghairdeas le Karen agus leis an bhfoireann as éacht a bhaint amach ar an lá. B'iontach an rud é go raibh an Ghaeilge i lár an aonaigh agus i measc na dteangacha eile ar an lá iomráiteach seo i mBaile Átha Cliath agus táthar ag súil leis go ndéanfar tuilleadh comhoibriú le chéile go minic amach anseo."

Ceardlann 1
Ní dua ach bua: múineadh na gramadaí go simplí sa suíomh T1 agus múineadh na gramadaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Bhí na daoine seo ina n-éascaitheoirí: Leonora De Staic agus Saoirse Ní Bhriain, Coláiste Ghobnatan, Baile Mhic Íre, Corcaigh.

D'éirigh leis an gceardlann seo aird a tharraingt ní hamháin ar straitéisí éagsúla múinteoireachta ach ar conas is féidir feasacht teanga a chur chun cinn i measc na scoláirí iar-bhunscoile freisin. Roinneadh dea-chleachtas maidir le múineadh na gramadaí i slite éasca, loigiciúla agus spraíúla sna suíomhanna T1 araon leis na buntáistí a bhaineann le cleachtaí gramadaí a bheith nasctha le hábhar litríochta na Gaeilge. Tagraíodh den tslí gur féidir naisc a dhéanamh idir an Ghaeilge agus na teangacha ar fad atá á bhfoghlaim ag na scoláirí agus míníodh go dtreisíonn na trasnaisc seo le foghlaim na dteangacha ar an iomlán toisc go dtacaíonn siad le tuiscint agus feasacht na dteangacha.

Ceardlann 2
Ag múineadh na Spáinnise, na Gearmáinise, na hIodáilise agus na Fraincise sa suíomh T1: deiseanna agus dúshláin. (Pléphainéal).

Is iad seo na baill de Phobal Cleachtais Fóram Feasa Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus COGG a bhí i láthair: Mairéad Ní Drisceoil, Coláiste an Phiarsaigh, Corcaigh; Karen Newton, Coláiste Íosagain, Baile Átha Cliath; Gráinne Bhreathnach, Scoil Phobail Mhic Dara; Cathaoirleach: Therese Eagers, PPLI/ Meánscoil Naomh Raphaela, Baile Átha Cliath.

Déanadh plé sa seisiún seo ar na deiseanna agus ar na dúshláin a ghabhann le teangacha a mhúineadh sa suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Labhair na rannpháirtithe fúthu féin agus faoin aistear a bhí acu mar mhúinteoirí go dtí seo. Bhí cúiseanna éagsúla acu chun an ghairm mar mhúinteoir teangacha a leanúint ach ba léir go raibh tionchar ag a múinteoirí féin orthu go léir an comhthéacs T1 a roghnú. Dúradh go mbíonn dúshláin ag baint leis an gcomhthéacs ach go mbíonn nádúrthacht ag baint le teangacha a mhúineadh ann freisin. Fiú nuair a bhíonn pobal na scoile amhrasach faoi mhalartú scoile a reáchtáil, mar shampla, fós féin, is fiú é do na scoláirí a bhfeasacht teanga agus a dtuiscint a fhorbairt ar chultúir eile. Ina theannta sin, mhol na héascaitheoirí deiseanna a sholáthar do na scoláirí, taobh amuigh den ghnáthsheomra ranga, cur i gcás, aoichainteoir nó cúntóir teanga a chur ar fáil.

Ar an iomlán, b'fhiú go mór teacht le chéile an phobail cleachtais agus beifear ag súil le deiseanna eile a sholáthar go luath chun dea-chleachtais agus acmhainní a roinnt san Fhóram Feasa.

Ceardlann 3

Ag an gceardlann seo, bhí Pádraig Ó Beaglaoich, Leas-Phríomhfheidhmeannach COGG agus Toirdealbhach Ó Lionáird, Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile Gaeltachta ag caint agus léirigh siad na forbairtí atá déanta ag COGG chun tacú le múineadh na dteangacha i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Pléadh na hacmhainní ábhartha atá ar fáil agus tarraingíodh ar thaithí agus ar dhea-chleachtas na múinteoirí chomh maith.

I measc na n-ábhar, pléadh:

- dul chun cinn COGG i gcoitinne, forbairt na dtéacsleabhar: tá *Alles Klar* ann – cúrsa iomlán i nGearmáinis na Sraithe Sóisearaí - a aistríodh i mbliana, agus beidh leabhar nua i bhFraincis na hArdteiste ag teacht in 2024.
- An Leabhrán Téarmaí: feidhmíonn sé mar dhroichead idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil i gcomhthéacs an tumoideachais; téann sé i ngleic leis an ualach mór téarmaíochta nua atá le múineadh agus le sealbhú; díríonn sé ar fheasacht na múinteoirí agus na scoláirí ar fhorbairt litearthachta agus ar chruinnscríobh na Gaeilge; tá sé leagtha amach de réir na n-ábhar, agus tá na míniúcháin ar an téarmaíocht i nGaeilge shimplí agus tá leideanna gramadaí ann chun an téarmaíocht a mhúineadh i gcomhthéacs.
- An Tairseach: seo suíomh úrnua chun acmhainní bunscoile agus iar-bhunscoile a roinnt le múinteoirí; forbraíodh é mar chuid den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta; tá COGG ag obair i gcomhpháirt le OIDE Teicneolaíocht san Oideachas agus Scoilnet agus neart eagraíochtaí eile chun acmhainní a chruthú, a bhailiú agus a roinnt; bíonn múinteoirí ag cruthú acmhainní do mhúinteoirí; tá dearbhú cáilíochta lárnach sa phróiseas.
- Fóram Feasa: Fóram Feasa: ETBI agus COGG
  Is tionscnamh ceannródaíoch líonraithe agus pobail chleachtais é Fóram Feasa do mhúinteoirí agus ceannairí scoile in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Téanam ort ar an bhféasta foghlama inár dteannta!
  https://www.cogg.ie/foram-feasa/

Teastaíonn ó COGG buíochas a ghabháil le gach aon duine a thug lámh chúnta don ócáid luachmhar seo agus tá sí ag súil le himeachtaí den chaighdeán céanna a reáchtáil arís amach anseo.